CUMANN na bhFIANN

Lámhleabhar an Oibrí Óige

Foras na Gaeilge

Clár an Lámhleabhair

Óg-Eagraíochtaí Gaeilge	4
Clubanna Óige ar fud an Oileáin	6
Cosaint leanaí	8
Cóimheas foirne	10
Halla a aimsiú	11
Scéim árachais	12
Oiliúint	13
Seicliosta	14
Nós imeachta an chlub	15
Gníomhaíochtaí Aithne	16
Gníomhaíochtaí Cainte	19
Gníomhaíochtaí Foirne	27
Gníomhaíochtaí Spóirt	65
Gníomhaíochtaí Fíorúla / Ríomhaireachta	69
Gníomhaíochtaí na nEalaín	71
Cláracha Ama Samplacha	74
Pleananna	76
Imeachtaí Speisialta	77
Ionchur na bPáistí	78
Na Meáin Shóisialta	79
Nascanna Úsáideacha	81
Foras na Gaeilge	82
Na Ceanneagraíochtaí	83

Óg-Eagraíochtaí Gaeilge

Cumann na bhFiann

Eagraíonn Cumann na bhFiann gréasán d'óg-chlubanna seachtainiúla ar fud an oileáin, mar aon le himeachtaí agus córas oiliúna cinnireachta. Tá sé mar sprioc ag Cumann na bhFiann gréasán a chothú idir na seirbhísí óige ar fad trí mheán na Gaeilge, agus a bheith mar áis thacaíochta do sholáthróirí na seirbhísí céanna. Is í aidhm na heagraíochta an Ghaeilge a chur chun cinn i measc daoine óga i dtimpeallacht spreagúil trí dheiseanna nádúrtha a chruthú d'úsáid na Gaeilge mar theanga bheo. Tá struchtúr cinnireachta d'ardchaighdeán lárnach d'obair leanúnach na heagraíochta agus d'earnáil óige na Gaeilge.

www.cnb.ie | www.oige.ie

Feachtas

Eagraíonn Óg Ghluaiseacht Gaeilge Feachtas clubanna óige agus imeachtaí éagsúla trí mheán na Gaeilge chun gréasáin shóisialta de Ghaeilgeoirí óga a fhorbairt agus úsáid na Gaeilge taobh amuigh den scoil a chur chun cinn.

Tá sé mar aidhm acu an féinriar agus an fhorbairt phearsanta a chur chun cinn i measc bhall na gclubanna. Cuireann na clubanna óige ceardlanna éagsúla ar fáil agus glacann siad páirt i saol na Gaeilge. Tugann siad cuidiú chun clubanna óige a bhunú freisin.

www.feachtas.ie

Fóram na nÓg

Is eagraíocht ionadaíoch réigiúnach deonach í Fóram na nÓg don earnáil óige Ghaeilge i gCúige Uladh. Is í príomhaidhm na heagraíochta fás agus forbairt na hearnála óige Gaeilge a éascú le freastal ar riachtanais oideachais agus shóisialta aos óg na Gaeilge. Oibríonn Fóram na nÓg ar son leas na gclubanna óige Gaeilge, idir na hoibrithe agus na daoine óga féin. Tá sé mar phríomhchúspóir ag an bhFóram na clubanna seo a láidriú agus a fhorbairt.

www.foramnanog.com

Muintearas

Is Óg Eagraíocht Náisiúnta muid a chuireann seirbhísí agus tacaíocht ar fáil do ghrúpaí deonacha, coistí, tuismitheoirí, scoileanna, pobal na Gaeltachta chomh maith le bheith mar threoraí gníomhach ag tacú le stráitéisí Stáit chun cur leis an obair agus freastal ar an Óige sna ceantracha Gaeltachta san iarthar. Cuirtear réimse leathan gearrchúrsaí & tograí sainspéise, maraon le himeachtaí áitiúla agus idir-Ghaeltachta, ar fáil d'aos óg na Gaeltachta. Tá 42 Club cláraithe linn le os cíonn 1,500 duine óg. Tá an clár Óige maoinithe ag Údarás na Gaeltachta mar aon le réimsí eile faoin gclár UBU maoinithe ag an GRETB ó 1988. Rinneadh co-nascadh idir Óige na Gaeltachta agus Muintearas i 2015.

www.muintearas.com

Ógras

Is eagraíocht óige í Ógras a chuireann seirbhísí don óige ar fáil trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga idir 7-19 mbliana d'aois ar bhonn uile-oileáin. Tá sé mar aidhm ag Ógras spás sábháilte a chur ar fáil do dhaoine óga ionas gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh i gclár oibre don aos óg atá spleodrach, éagsúil, leagtha amach go cúramach agus curtha ar fáil trí Ghaeilge chun machnamh cruthaitheach, neartú muiníne agus forbairt shóisialta a spreagadh.

www.ogras.ie

Spleodar

Is iad labhairt agus foghlaim na Gaeilge croílár Spleodar chomh maith le cinnireacht a fhorbairt i ndaoine óga. Is ógeagras é Spleodar a eagraíonn ógchlubanna ar fud na tíre chomh maith le cúrsaí samhraidh i gcroílár Chonamara. Tugann na clubanna deis do scoláirí bualadh lena chéile i suíomh sábháilte agus páirt a ghlacadh in imeachtaí lán-Ghaeilge.

www.spleodar.com

Clubanna Óige ar fud an Oileáin



- Bíonn clubanna óige lán-Ghaeilge á reáchtáil ar fud na tíre ag na hógeagraíochtaí agus grúpaí pobail éagsúla

- Más mian leat, is féidir leat do chlub nua a chlárú mar bhall d'ógeagraíocht agus cuirfear tacaíocht ar fáil duit chomh maith le deiseanna iontacha ar nós turais le clubanna eile.

Tá líon na gclubanna i ngach contae ag freagairt do dhaonra an chontae sin sa scála seo.



Méid Clubanna Óige in Éireann de réir Contae



Cosaint leanaí

Tá sé an-tábhachtach go mbeadh tuiscint agat ar na dualgais atá ort mar oibrí óige. Is gá tabhairt faoi na nithe seo a leanas sula dtugann tú faoi chlub óige:

1

Cúrsa ar líne "Introduction to Children First" ó Tusla a dhéanamh

2

Deimhin a dhéanamh de go ndéantar Grinnfhiosrúchán na nGardaí / Access NI ort

3

Treorlínte Cosaint Leanaí d'Eagraíochtaí a léamh

4

Fáil amach cé hé an Oifigeach Cosaint Leanaí agus an Leas-Oifigeach Cosaint Leanaí

Tá sé riachtanach, nuair atá aon seirbhís á cur ar fáil don óige, go leantar an treoir mar atá leagtha amach i bPolasaí Cosaint Leanaí d'Eagraíochtaí, seirbhísí ar líne san áireamh.

Is cóir do gach grúpa / eagraíocht anailís riosca a dhéanamh go rialta ar a Pholasaí Cosaint Leanaí, Ráiteas Um Chosaint Leanaí, agus Córas Traenála, le cinntiú go bhfuil siad ag leanúint na dtreoracha ar fad chun clubanna / gníomhaíochtaí a reáchtáil. Toisc an fás atá tar éis teacht ar sheirbhísí óige ar líne tá géarghá le haird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:

- Treoir shoiléir maidir le beirt duine fásta oilte a bheith i láthair ag gach Club / Gníomhaíocht.
- Treoir shoiléir le nach mbeidh daoine óga ag glacadh pictiúr / físeán den ghrúpa gan cead a bheith faighte roimhré.
- Ráiteas Um Chosaint Leanaí, cáipéis a bhíonn crochta i halla an Chlub de ghnáth, a bheith ar fáil go héasca ag na tuismitheoirí / baill.

Ní liosta iomlán é an liosta thuas mar is cinnte go mbeidh gnéithe breise ag teacht chun cinn bunaithe ar anailís riosca ar chur chuige na hoibre ag eagraíochtaí / grúpaí.

Cóimheas foirne

Is gá a chinntiú go bhfuil cóimheas sláintiúil foirne ann ag clubanna agus imeachtaí. Cé go bhfuil treoirlínte ginearálta ann, is féidir a thuilleadh treoir a fháil a bhaineann le do shuíomh féin ó Chomhairle Náisiúnta na nÓg.

Halla a aimsiú

Tá réimse leathan áiteanna i mbaile ar bith atá fóirsteanach do chlub óige. Ag brath ar éileamh agus praghsanna, bíonn ceann de na háiteanna seo ar fáil go hiondúil:

Ionad Pobail	**Ionad Fóillíochta**
Halla CLG	**Halla Scoile**

Nuair atá halla á shocrú agat, bí cinnte go gcuireann tú ceisteanna ar an gceannasaí ar nós:

- Cad iad na gníomhaíochtaí / cluichí atá ceadaithe sa halla? An bhfuil cosc ar aon spórt ar leith?
- An mbeidh an halla i gcónaí ar fáil le linn na bliana?
- An bhfuil eochair ag teastáil uaim nó an mbeidh feighlí ann?
- An bhfuil dream eile ag teacht isteach i mo dhiaidh?
- An bhfuil leithreas ar fáil?
- An mbeidh an leithreas á úsáid ag daoine eile?

Nóta

Tá seans ann nach mbeidh an halla ar fáil ag amanna éagsúla den bhliain, d'fhéadfadh vótáil thoghcháin a bheith ar siúl sa halla am éigin i rith na bliana nó dráma um Nollaig.

Scéim árachais

Cén sórt club é?

Club Iar-Scoile

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí an chlub a bheith clúdaithe faoi scéim árachais na scoile sa chás gur do pháistí na scoile sin amháin atá an club.

Téigh i dtéagmháil leis an scoil le fáil amach.

Club atá á reachtáil ag club CLG

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí an chlub a bheith clúdaithe faoi scéim árachais CLG sa chás go bhfuil an club teoranta do bhaill an chlub CLG amháin.

Téigh i dteagmháil leis an chlub le fáil amach.

Ball d'Ógeagraíocht nó grúpa pobail

Is féidir clárú mar bhall d'ógeagraíocht faoi leith agus a bheith clúdaithe faoi scéim árachais na heagraíochta sin.

Cuir ceist ar an Ógeagraíocht / Grúpa Pobail faoi sin.

Oiliúint

Sula dtugann tú faoi chlub óige, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil:

- Oiliúint faighte agat ar conas club a stiúradh
- Gníomhaíochtaí / cluichí ar eolas agat a bheadh fóirsteanach le himirt ag club óige

CUMANN na bhFIANN

- Bíonn ceardlanna oiliúna á reáchtáil ag Cumann na bhFiann a chuirfidh na scileanna cuí ar fáil duit.
- Tá neart cúrsaí ar líne a bhaineann le hobair óige gur féidir a dhéanamh.
- Tá réimse leathan cluichí ar fáil ar Youtube.

Téigh i dteagmháil le Cumann na bhFiann maidir le ceardlann oiliúna:

eolas@cnb.ie

Nóta* -Má tá tú cláraithe le hÓg-Eagraíocht nó Grúpa Pobail, is cóir an treoir atá acu a leanúint.

Seicliosta

Chríochnaigh mé an cúrsa a d'eagraigh Tusla	
Rinneadh Grinnfhiosrúchán na nGardaí / Access NI orm	
Fuair mé amach cé hiad Oifigeach Cosaint Leanaí agus Leas-Oifigeach Cosaint Leanaí	
Tuigim na dualgais atá orm mar oibrí óige	

Obair Riaracháin

Tá tréanáil faighte agam ar conas club óige a stiúradh agus conas déileáil le páistí	
Chinntigh mé go bhfuil gníomhaíochtaí an chlub clúdaithe faoi scéim árachais	
Tá sonraí teagmhála agam don té atá i gceannas ar an halla	
Cinnteoidh mé go mbeidh sonraí teagmhála na dtuismitheoirí uilig agam agus mé i mbun an chlub	
Cinnteoidh mé go gcoinneoidh mé taifead cruinn ar thinreamh an chlub	

Nós imeachta an chlub

Roimh gach seisiún sa chlub

Bá chóir duit a bheith ag an halla 10 / 15 nóiméad roimh thús an chlub le cinntiú go bhfuil gach rud in ord. Déan cinnte nach bhfuil:

- Contúirt in áit ar bith
- An t-urlár sleamhain

Teacht na bPáistí

- Tá na páistí faoi do chúram a luaithe is a thagann siad ar an láthair
- Cuir fáilte rompu agus roimh a dtuismitheoirí
- Cinntigh go bhfuil an carrchlós sábháilte
- Seiceáil bróga na bpáistí - an bhfuil siad fóirsteanach le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí/ cluichí a bheidh ar siúl? Níor chóir go mbeadh bróga arda á gcaitheamh ag páistí sa chlub

Le linn seisiúin sa chlub

- Is gá go mbeadh an oibrí óige leis na páistí go léir an t-am ar fad (seachas sa leithreas)
- Ná lig d'aon pháiste dul in aon áit chontúirteach
- Ná lig d'aon phleidhcíocht tosú mar is minic a tharlaíonn timpistí dá bharr
- Cinntigh go bhfuil a fhios ag na páistí cá bhfuil na doirse éalaithe
- Má tharlaíonn aon timpiste, cinntigh go dtugtar aire cheart don pháiste. Cuir scairt ar an tuismitheoir agus mol cuairt ar an dochtúir más gá. Cinntigh go scríobhann tú tuairisc timpiste chuimsitheach, de réir an pholasaí atá ag do ghrúpa

Imeacht na bPáistí

- Is iad na hoibrithe óige na daoine deireanacha a fhágann an halla
- Cinntigh go bhfuil síob abhaile ag gach uile duine agus fan leo go dtí go mbailítear gach páiste
- Cinntigh go bhfuil na seomraí agus an halla glan agus tú ag imeacht
- Cinntigh go bhfuil an gás, an leictreachas srl múchta agus go bhfuil an áit ar fad faoi ghlas.

Gníomhaíochtaí Aithne

Cluiche Aithne 1

Méid Daoine	Míniú
5+	Iarr ar gach duine a ainm agus a áit chónaithe a rá. D'fhéadfá comórtas a dhéanamh as agus gurb é an buaiteoir an duine a chuimhníonn ar an líon is mó ainmneacha.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Cluiche Aithne 2

Méid Daoine	Míniú
3+	Iarr ar gach duine a ainm agus caitheamh aimsire atá acu a rá. D'fhéadfadh gach duine ceist a chur ar a chéile faoi na caithimh aimsire a luaitear. Mar shampla: Ceannaire: 'A Sheáin, cé air a bhfuil tú chun ceist a chur?' Seán: 'Táim chun ceist a chur ar Mháire. A Mháire, luaigh tú go dtaitníonn peil leat, an imríonn tú le foireann?' Máire: 'Imrím leis an CLG áitiúil mar chúl báire'
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Cluiche Aithne 3

Méid Daoine	Míniú
3+	Iarr ar gach duine a ainm agus rud a thaitníonn leo a rá ach a thosaíonn leis an litir chéanna lena ainm féin. Leantar ar aghaidh agus gach duine sa ghrúpa ag déanamh athrá ar na daoine a chuaigh roimhe. Mar shampla: Seán: 'Is mise Seán agus is maith liom sceallóga.' Peadar: 'Is maith le Seán sceallóga, is mise Peadar agus is maith liom a bheith ag péinteáil. Úna: 'Is maith le Seán sceallóga, is maith le Peadar a bheith ag péinteáil, is mise Úna agus is maith liom úlla'.....
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Cluiche Aithne 4

Méid Daoine	Míniú
5+	Bris an grúpa ina dhá leath le ceannaire ag an dá ghrúpa. Is gá dóibh ar fad eolas a bhailiú faoi chaithimh aimsire a chéile. Tá cúig nóiméad ag an dá ghrúpa teacht ar spéiseanna atá i gcomhpháirt acu agus ar spéis faoi leith / uathúil do gach duine. Tagann na páistí le chéile arís ag déanamh cur síos ar gach ar fhoghlaim siad.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Biongó Ainmneacha

Méid Daoine	Míniú
4+	Scríobhtar ainm gach páiste ar chárta. Measctar na cártaí. Dáiltear cártaí le hainmneacha orthu ar na páistí. Má fhaigheann Seán cárta le hÁine scríofa air caithfidh sé Áine a aimsiú agus aithne a chur uirthi.
Fearas	
Cartaí agus peann	

Dréimire

Méid Daoine	Míniú
4+	Suíonn na daltaí in dhá líne ag breathnú ar a chéile. Caithfidh siad aithne mhaith a chur ar a chéile trí cheisteanna a chur ar a chéile. Tar éis dhá nóiméad athraíonn siad, bogann duine amháin ó líne amháin ó bharr na líne go bun na líne agus bogann gach duine go dtí go mbeidh siad ina suí os comhair duine nua.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Gníomhaíochtaí Cainte

Dúshlán Cainte

Méid Daoine	Míniú
2+	Tá an cluiche seo go maith do na haoisghrúpaí is óige agus do ghrúpaí a bhfuil Gaeilge lag acu
Fearas	Is í aidhm an chluiche seo ná go mbeidh seal ag gach páiste labhairt i nGaeilge chomh fada agus is féidir gan stopadh Déantar taifead ar an méid ama a raibh siad in ann labhairt i nGaeilge.
Uaireadóir	Is féidir an cluiche céanna seo a dhéanamh arís i ndiaidh cúpla seachtain le go bhfeicfidh siad an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a gcuid Gaeilge de (mar shampla, an chéad uair bhí páiste in ann labhairt ar feadh triocha soicind ach an dara huair a imríodh an cluiche seo, bhí an páiste céanna in ann labhairt ar feadh nóiméid).
	Is fearr sampla a thabhairt ar dtús. Tugann an ceannaire sampla ar nós - 'Is mise...., tá mé i mo chónaí i...., tá cúigear i mo theaghlach, is maith liom a bheith ag snámh...."

Ainmnigh rud éigin

Méid Daoine	Míniú
3+	Scairteann an ceannaire amach "aimnigh rud éigin atá..." - Ildaite - Bog - Bán - Geal - Fuar Tugtar teorainn ama dóibh (30 soicind nó mar sin). Nuair a ritear amach as am, is é an páiste leis an líon is mó focal a bhaineann.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Dhá cheann fíor, Ceann amháin bréagach

Méid Daoine	Míniú
4+	Tugann duine amháin trí ráiteas (dhá cheann fíor agus ceann bréagach) don ghrúpa bunaithe ar théama faoi leith, mar shampla 'caitheamh aimsire', 'spórt', 'clann'. Is gá do na daoine eile sa ghrúpa oibriú amach cén ceann de na trí ráiteas atá bréagach.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Searáidí (Charades)

Méid Daoine	Míniú
3+	Bíonn deis ag gach páiste gníomh a dhéanamh agus caithfidh na páistí eile tomhais a bhfuil i gceist leis
Fearas	Is féidir leis an gceannaire treoir a thabhairt dóibh.
Níl aon fhearas ag teastáil.	Bíonn deis ag na páistí eile tomhais go dtí go bhfaigheann duine éigin i gceart . Beidh seal ag duine eile gníomh a dhéanamh ina dhiaidh sin.

Tús agus Deireadh!

Méid Daoine	Míniú
5+	Roghnaíonn an chéad duine focal, is gá don dara duine focal eile a roghnú a thosaíonn leis an litir dheireanach den chéad fhocal.
Fearas	Cuirtear srian ama ar gach duine agus úsáidtear téamaí faoi leith, ar nós grúpa ceoil, aisteoirí, áiteanna in Éirinn, srl.
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Deir Simon

Méid Daoine	Míniú
5+	Iarr ar gach duine seasamh suas os comhair an ghrúpa agus treoir a thabhairt dóibh gníomh faoi leith a dhéanamh ag tosú leis an nath 'Deir Simon'. Nuair a chloiseann gach duine seo tugann siad faoin ngníomh a dhéanamh. Mura ndeirtear 'Deir Simon' ag tús na treorach, ní cóir do dhaoine é a dhéanamh. Bíonn aon duine a thugann faoin ngníomh nuair nach bhfuil 'Deir Simon' ráite ag tús na habairte amuigh.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Scéalta

Méid Daoine	Míniú
5+	Tosaíonn duine ar scéal a insint agus deir sé líne amháin. Ansin leanann an chéad duine eile leis an scéal agus cuireann sé líne eile leis an scéal. Leanann an scéal ar aghaidh timpeall an ghrúpa go dtí go bhfuil an scéal críochnaithe.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Drámaíocht (1)

Méid Daoine	Míniú
6+	Cuirtear na páistí i ngrúpaí. Tugtar trí fhocal dóibh agus caithfidh siad dráma a chumadh bunaithe ar na focail sin.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Drámaíocht (2)

Méid Daoine	Míniú
6+	Tugtar ainm scannáin dóibh agus caithfidh siad dráma a chumadh le scéal an scannáin.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Aisteoireacht Focal

Méid Daoine	Míniú
6+	Roinntear ina dhá ghrúpa iad. Socraíonn grúpa ar fhocal - mar shampla: Amadán. Bristear an focal suas chomh mion agus is féidir - mar shampla: Ama Dán. Déanann grúpa amháin aisteoireacht chun na codanna den fhocal a chur in iúl agus caithfidh an grúpa eile an focal a aithint.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Comórtas

Méid Daoine	Míniú
6+	Roinntear i bhfoirne iad. Bíonn captaen ar gach foireann. Tugtar píosa páipéir le focal air do gach captaen. Caithfidh siad aisteoireacht a dhéanamh ar na focail. Bíonn ar a fhoireann a fháil amach cad é an focal sula n-éiríonn leis na foirne eile é a thomhas.
Fearas	
Páipéar agus peann	

Díospóireacht

Méid Daoine	Míniú
6+	Roinntear na páistí in dhá ghrúpa. Tugtar rún dóibh. Bíonn foireann amháin i gcoinne an rúin agus an fhoireann eile i bhfábhar an rúin. Caithfidh an dá fhoireann cás a dhéanamh ar son a thaoibh féin Bíonn an bua ag an bhfoireann leis an líon is mó pointí.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

20 Ceist

Méid Daoine	Míniú
4+	Tugtar píosa páipéir le hainm duine cháiliúil air do pháiste. Cuireann na páistí eile 20 ceist ar an duine chun a fháil amach cén t-ainm atá ar an bpíosa páipéir.
Fearas	
Páipéar	

Comórtas Pictiúr

Méid Daoine	Míniú
4+	Roinntear na páistí i bhfoirne.
Fearas	Suíonn na foirne in aice an bhalla agus roghnaíonn siad duine amháin chun an líníocht a dhéanamh.
Pictiúir	Taispeánann an ceannasaí pictiúr don fhoireann.
	Insíonn an fhoireann don duine atá ag líníocht faoin íomhá a fheiceann siad agus tá ar an duine sin pictiúr a tharraingt bunaithe ar an méid a chloiseann sé óna fhoireann féin!
	Caithfidh an ceannasaí an buaiteoir a roghnú!

Snáithín

Méid Daoine	Míniú
2+	Tugtar snáithín do gach duine.
Fearas	Roghnaítear duine ón ngrúpa leis an snáithín a chur timpeall ar a m(h)éar.
Snáithín	Fad atá duine ag cur an tsnáithín timpeall ar a m(h)éar caithfidh sé/sí labhairt faoi/fúithí féin.

Gníomhaíochtaí Foirne

Dúnmhárú

Méid Daoine	Míniú
4+	Suíonn an grúpa timpeall i gciorcal. Ainmnítear duine le bheith mar gharda agus téann sé / sí amach as an halla. Roghnaítear duine le bheith mar dhúnmharfóir. Maraíonn an dúnmharfóir daoine le caochadh súl. Nuair atá páiste 'marbh' bíonn air luí ar an dtalamh. Caithfidh an garda a fháil amach cé hé an Dúnmharfóir.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Rás an Phórtáin

Méid Daoine	Míniú
4+	Bíonn dhá fhoireann ann: • Luíonn na páistí ar a ndroim, ardaíonn siad iad féin suas ar a gcosa agus ar a lámha • Ansin bíonn rás ann
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Greamaithe sa Phortach

Méid Daoine	Míniú
4+	Bíonn duine (nó cúpla duine) 'Ar'. Ritheann gach duine eile timpeall an halla. Caithfidh an duine atá 'Ar' lámh a leagan ar na daoine eile. Má fhaigheann an duine atá 'Ar' thú, suíonn tú síos ar an talamh. Chun go saorfaí duine caithfidh duine éigin léim thar cheann an duine atá greamaithe sa phortach.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

An Ciarsúr Greannmhar

Méid Daoine	Míniú
3+	Seasann gach duine timpeall an halla. Seasann an duine leis an gciarsúr sa lár. Nuair a chaitheann an duine an ciarsúr san aer caithfidh gach duine screadach chomh hard agus is féidir leo agus gáire a dhéanamh. Chomh luath agus a thiteann an ciarsúr chun na talún caithfidh siad a bheith ciúin. Aon duine nach bhfuil ciúin tá sé amuigh.
Fearas	
Ciarsúr	

Long, Farraige, Talamh

Méid Daoine	Míniú
6+	Tugtar 'farraige' ar lár an halla sa chluiche seo. Seasann an grúpa i lár an halla. Ainmnítear ansin dhá thaobh den halla mar 'Long' agus 'Talamh'. Glaonn an feighlí amach: 'Long', 'Farraige', nó 'Talamh' agus is gá do gach duine rith sa treo cuí. An duine deireanach chun na háite sin - sin an duine atá 'amuigh'. Is féidir leat gnéithe éagsúla a chur isteach sa chluiche seo chomh maith. Mar shampla má deir tú "crann", tá ar na páistí seasamh lena lámha san aer ar nós "crann" nó má deir tú "rince" is gá dóibh beagán de rince Gaelach a dhéanamh.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Bróga Measctha

Méid Daoine	Míniú
4+	Baineann gach duine a b(h)róga de agus cuirtear iad i lár an halla. Measctar iad le chéile Nuair a thugann an ceannasaí an treoir, caithfidh na páistí a mbróga féin a fháil agus iad a chur ar ais ar a gcosa.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Seargán a bhurláil

Méid Daoine	Míniú
4+	Tabhair páipéar leithris do bheirt. Caithfidh gach duine den bheirt duine a roghnú le bheith ina Sheargán. Is rás é an cluiche seo. Bíonn an bua ag an gcéad duine a éiríonn leis a Sheargán a bhurláil i bpáipéar leithris.
Fearas	
Páipéar Leithris	

Cluiche Balún

Méid Daoine	Míniú
5+	Faigh balúin agus banda leaisteach. Ceangail iad le chéile agus lig do gach páiste ceann a chur ar a chos. Is í an aidhm atá leis an gcluiche seo ná balún gach duine eile a phléascadh agus do cheann féin a choinneáil slán. Bíonn an bua ag an duine deireanach le balún slán.
Fearas	
Balúin agus bandaí leaisteacha	

Rás na bPolos / Rás na Miontaí

Méid Daoine	Míniú
4+	Roinntear i ngrúpaí iad. Bíonn sop ag gach duine. Bíonn 'Polo' ag gach grúpa. Cuirtear an sop sa bhéal. Caithfear an 'Polo' a chur ó dhuine go duine ag úsáid na soip amháin. Bíonn an bua ag an bhfoireann a éiríonn leo an polo a chur chuig an duine deireanach dá bhfoireann.
Fearas	
Soip agus Polos	

Rás na Málaí Plaisteacha

Méid Daoine	Míniú
4+	Rás idir dhá fhoireann atá i gceist Bíonn trí mhála plaisteach ag gach foireann. Osclaítear na málaí plaisteacha amach agus leagtar i líne iad le gach duine ar an bhfoireann ag seasamh orthu. Bogtar an mála atá ar chúl an ghrúpa agus leagtar é chun tosagih ar na málaí eile. Bogann gach duine chun tosaigh agus iad ag fanacht ina sheasamh ar na málaí an t-am ar fad. Caithfidh an fhoireann tosú arís má chuireann aon duine cos lasmuigh de na málaí plaisteacha. Bíonn an bua ag an bhfoireann is tuisce a shroicheann an líne chríche.
Fearas	
Málaí Plaisteacha	



Pippety Pop

Méid Daoine	Míniú
4+	Suíonn an grúpa timpeall i gciorcal. Bíonn duine amháin i lár an chiorcail. Síneann an duine méar i dtreo duine sa chiorcal agus deir sé "Pippety Pop" nó "Poppety Pip". Caithfidh an duine eile na chéad trí litir den fhocal a rá os ard - mar shampla má deir sé Pippity Pop deir an duine eile PIP ach má deir sé Poppety Pip deir an duine eile POP. Muna ndeir siad na litreacha cearta tá siad amuigh.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Eireball an Asaill

Méid Daoine	Míniú
2+	Tarraing pictiúr d'asal ar phíosa páipéir, ach gan eireaball air. Tabhair biorán agus píosa páipéir leis an eireaball do dhuine de na páistí. Cuir dalladh púicín ar shúile an pháiste agus cas é timpeall trí huaire. Caithfidh an páiste iarracht a dhéanamh an t-eireaball a chur san áit cheart ar an asal.
Fearas	
Biorán agus páipéar	

Rás Sealaíochta Gléasta

Méid Daoine	Míniú
4+	Roinn an grúpa i bhfoirne. Bíonn an líon céanna páistí ar gach foireann. Tabhair seanéadaí do na foirne ar fad. Caithfidh an chéad duine ar an bhfoireann é a ghléasadh agus rith go dtí an taobh eile den halla agus ar ais arís. Ansin bíonn ar an dara duine ar an bhfoireann an rud céanna a dhéanamh agus leantar leis an gcluiche go dtí go bhfuil sé déanta ag gach duine ar an bhfoireann.
Fearas	
Seaneadaí	

Dréimire

Méid Daoine	Míniú
4+	Roghnaíonn an ceannasaí dhá fhoireann. Cuirtear iad ina suí i dhá líne ag breathnú ar a chéile cos le cos, ag cinntiú go bhfuil na glúine ar fad ar an talamh agus spás idir gach beirt. Tugtar uimhir do gach beirt. Nuair a ghlaoitear d'uimhir is gá rith tríd na cosa síos go bun na líne. Ritear ansin suas go barr na líne taobh amuigh den ghrúpa agus ar ais tríd na cosa chuig d'áit féin arís. Coinnítear scór de réir a chéile.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	



Damhsa a chumadh

Méid Daoine	Míniú
4+	Seinn píosa ceoil agus tabhair deich nóiméad dóibh damhsa a chumadh agus a dhéanamh.
Fearas	
Ceol	

Cluiche an Bhata

Méid Daoine	Míniú
4+	Imrítear an cluiche seo le bataí uni-haca atá bun os cionn Seasann gach duine timpeall i gciorcal agus cuireann siad lámh amháin taobh thiar dá ndroim agus an lámh eile ar bhos an bhata.
Fearas	
Bataí uni-haca	Nuair a thugann an ceannasaí treoir dóibh casadh ar Dheis, ar Chlé, nó Timpeall, bogann gach duine dá réir. Ach fágann siad an bata agus beireann siad greim ar an mbata ar an taobh dheis má ghlaonn an ceannasaí 'ar Dheis' agus an bata ar an taobh chlé má ghlaonn an ceannasaí 'ar Chlé'. Má ghlaonn sé 'Cas timpeall', casann siad agus beireann siad greim ar a mbata féin arís. Má thiteann an bata ar an urlár tá tú amuigh. Is féidir an cluiche a imirt le dhá fhoireann. Bíonn an líon céanna daoine ar an dá fhoireann. Bíonn an bua ag an bhfoireann is faide a fhanann sa chluiche.

Na hAinmhithe

Méid Daoine	Míniú
4+	Tabhair ainm ainmhí don fhoireann agus caithfidh gach duine aithris a dhéanamh ar chruth an ainmhí, le gach ball den fhoireann páirteach ann. Bíonn an bua ag an bhfoireann is fearr. • Ochtapas • Moncaí • Cangarú • Péacóg • Damhán Alla • Scairp • Nathair nimhe • Péist • Crosóg Mhara • Deilf • Sioráf • Bó • Piongain • Toirtís • Iolar
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Dodge Frog

Méid Daoine	Míniú
6+	Bíonn duine (nó cúpla duine) 'Ar'. Ritheann an chuid eile den ghrúpa timpeall an halla. Caithfidh an duine atá 'Ar' liathróid bhog a chaitheamh ar na daoine eile, taobh thíos de na glúine. Má fhaigheann an duine atá 'Ar' thú, suíonn tú síos ar an talamh. Chun go saorfaí tú caithfidh duine éigin léim thar do cheann.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Na Poill

Méid Daoine	Míniú
30	Bristear an slua i bhfoirne agus seasann siad i líntí de réir na foirne agus iad lámh i lámh a chéile. Aithnítear an spás idir gach beirt mar 'Poll'. Tugtar uimhir do gach poll sa líne, agus an uimhir chéanna san ord céanna i ngach líne eile. Nuair a ghlaoitear amach uimhir faoi leith, ardaítear na lámha sna poill chuí. Ritheann na daoine ag barr agus bun gach líne i dtreo an poll ina líne féin, agus leanann gach duine eile sa líne iad lámh i lámh a chéile. Tugtar pointe don chéad líne atá ar ais i líne dhíreach arís. Ní fhaightear pointe má scaoiltear na lámha. Coinnítear scór de réir a chéile.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Ballio

Méid Daoine	Míniú
4+	Tá duine amháin "Ar". Seasann an duine os comhair na bpáistí eile le liathróid ina lámh, lena dhroim leo. Caitheann sé an liathróid chuig an slua. Nuair a chasann sé thart caithfidh an duine atá "Ar" tomhais cé aige a bhfuil an liathróid.
Fearas	
Liathróid	

Ceangal a 4 (1)

Méid Daoine	Míniú
2+	Is féidir le beirt an cluiche a imirt.
Fearas	Bíonn an bua ag an chéad fhoireann a chuireann ceithre phíosa don dath céanna le chéile i líne, bíodh sin go cothrománach, go hingearach nó go trasnánach.
Cluiche cláir 'Ceangal 4' ollmhór	

Ceangal a 4 (2)

Méid Daoine	Míniú
4+	Bíonn dhá fhoireann ann.
Fearas	Cuirtear duine chun tosaigh ó gach foireann.
Cluiche cláir 'Ceangal 4' ollmhór	Bíonn an scairf thar súile an duine sin.
	Caithfidh an fhoireann ar fad cabhrú leis an duine an cluiche a imirt. Bíonn cead acu treoracha a thabhairt dó!
	Bíonn an bua ag an gcéad fhoireann a chuireann ceithre phíosa don dath céanna le chéile.

Bosca na mBréag

Méid Daoine	Míniú
2+	Roghnaítear beirt le bheith ina suí os comhair a chéile. Cuirtear púicín ar dhuine acu agus tugtar an bosca don duine eile. Bíodh rudaí amaideacha istigh sa bhosca, is cuma cad iad (liathróid, peann, leabhar srl). Piocann an dara duine rud amháin as an mbosca, agus caithfidh sé cur síos a dhéanamh ar an rud sin don duine eile. Ach is féidir leis bréag a insint agus cur síos a dhéanamh ar rud iomlán éagsúil. Caithfidh an duine a bhfuil an púicín air tomhais cé acu an bhfuil an duine eile ag insint na fírinne nó an bhfuil sé ag insint bréige. Má tá tomhas an duine ceart, faigheann sé pointe, muna bhfuil faigheann an duine eile pointe. Bíonn an bua ag an té a bhfuil an líon is mó pointí aige.
Fearas	
Bosca le rudaí istigh ann.	



Léim isteach, Léim amach

Méid Daoine	Míniú
5+	Seasann na páistí i gciorcal, agus beireann siad greim láimhe ar na daoine in aice leo.
Fearas	Níl ach ceithre ordú ann-léim ar chlé, léim ar dheis, léim isteach agus léim amach.
Níl aon fhearas ag teastáil.	Ar dtús báire, caithfidh na páistí an ceannaire a leanúint , is é sin, an rud a dhéanann an ceannaire a dhéanamh, agus na focail a deir an ceannaire a rá. Mar shampla, déarfaidh an ceannaire “Léim ar chlé” agus caithfidh na páistí “léim ar chlé” a scairteadh amach agus léim ar chlé chomh maith. Déan cleachtadh ar an bhealach seo ar feadh nóiméid. Ansin, athraíonn an cluiche. Caithfidh na páistí an rud a dúirt an ceannaire a dhéanamh ach caithfidh siad a mhalairt a rá. Mar shampla, déarfaidh an ceannaire “Léim ar dheis” agus caithfidh na páistí léim ar dheis, ach caithfidh siad “léim ar chlé” a scairteadh amach ag an am céanna.

Tag Triantáin

Méid Daoine	Míniú
4+	Bristear na paistí i ngrúpaí beaga, ceathrar i ngach grúpa más féidir.
Fearas	Beidh triúr acu ag breith ar lámha a chéile i gciorcal nó "Triantán". Beidh an duine eile lasmuigh den chiorcal ina aonar.
Níl aon fhearas ag teastáil.	Caithfidh an ceannasaí duine den triúr a roghnú agus caithfidh an duine atá ina aonar an duine sin a fháil(tag). Beidh na daoine eile atá sa chiorcal ag iarraidh an duine roghnaithe a chosaint. Is féidir leo bogadh timpeall ach ní féidir leo na lámha a scaoileadh.

Mo Gharda

Méid Daoine	Míniú
4+	Seasann gach duine i gciorcal.
Fearas	Seasann beirt isteach i lár an chiorcail; duine mar gharda (cosantóir) don dara duine.
Liathróid	Caithfidh na daoine sa chiorcal oibriú le chéile chun an dara duine ar an taobh istigh den chiorcal a bhualadh le laithróid. Tá an garda sa lár ag stopadh na liathróide ón duine eile a bhualadh.

Crith na nGlún

Méid Daoine	Míniú
6+	Bristear na daoine in dhá ghrúpa. Rás sealaíochta atá ann. Tosaíonn an rás le gach duine ag barr an halla. Leagtar dhá húlahúp i lár an halla, ceann amháin do gach foireann. Is í aidhm an chluiche an méid is mó oráistí gur féidir a fháil sa húlahúp. Caithfidh páistí tosnú ag barr an halla agus an t-oráiste a iompar idir an dá ghlúin acu. Má thiteann imreoir, caithfidh sé dul ar ais chuig bun na líne.
Fearas	
Oráistí agus hoolahoop	

Coimheád na gCupán

Méid Daoine	Míniú
2+	Cupáin phlaisteacha ar an úrlár. Duine le dallamhullóg air. Caithfidh an duine siúl chuig an taobh eile den halla gan cos a leagan ar na cupáin. Tugann foireann an duine a bhfuil dallamhullóg air teoracha dó chun trasnú slán.
Fearas	
Cupáin Phlaisteacha	

X+O

Méid Daoine	Míniú
18+	X + O le daoine atá ann.
Fearas	Leagtar naoi gcathaoir sa lár le dhá foireann ar an dá thaobh (foireann x, foireann o).
9 gcathaoir	Bíonn uimhir 1-9 ag duine ar an dá fhoireann.
	Scairteann an ceannaire uimhir amach (1-9).
	Scairtear '4' mar shampla, caithfidh an bheirt a bhfuil '4' orthu ón dá fhoireann rith chun ceann de na 9 gcathaoir a fháil dá bhfoireann féin.
	Bíonn an bua ag an bhfoireann is túisce a fhaigheann triúr a fháil i líne.



SPUDA

Méid Daoine	Míniú
6+	Bíonn gach duine bailithe le chéile. Tugtar an liathróid do dhuine amháin.
Fearas	
Liathróid	Caitheann an duine sin an liathróid suas san aer, agus fad is atá sé sin á dhéanamh aige, ritheann gach duine eile amach uaidh. Nuair a bheireann sé greim ar an liathróid arís, scairteann sé 'SPUDA' amach láithreach, agus caithfidh gach duine stopadh agus fanacht socair. Tá deis ansin aige an liathróid a chaitheamh. Tá sé ag iarraidh duine eile a bhualadh leis an liathróid, ach níl cead ag duine ar bith bogadh. Caithfidh sé é a chaitheamh ón spota ina bhfuil sé agus níl cead ag duine ar bith bogadh chun an liathróid a sheachaint ach oiread. Má bhuaileann sé duine, tá sé anois saor agus faigheann an duine a bhuail an liathróid an litir "S". Agus tosnaíonn sé arís, caitheann an duine nua seo (an duine a fuair an litir S) an liathróid suas san aer agus nuair atá sé faighte aige arís, scairteann sé 'SPUDA' amach. Stopann gach duine, déanann sé iarracht duine a bhualadh. Má éiríonn leis duine a bhualadh, tá sé saor agus beidh ar an duine eile ceannasaíocht a ghlacadh ar an liathróid, ach coinníonn an duine sin an "S" go fóill. Muna mbuaileann sé duine, tá sé fós i gceannas ar an liathróid agus faigheann sé litir breise comh maith - "P". Leanann an cluiche seo ar aghaidh go dtí go bhfaigheann duine éigin na cúig litir ar fad - 'SPUDA'.

Cupáin a chlaonadh

Méid Daoine	Míniú
4+	Tá dhá fhoireann ann. Tagann beirt ó gach foireann chun tosaigh. Seasann siad os comhair a chéile. Tá carn de chupáin plaisteacha ag duine acu agus tá na liathróidí ping pong ag an duine eile. Caitheann an duine na liathróidí chuig a pháirtí agus déanann an duine eile iarracht iad a fháil isteach sa chupán. Má éiríonn leis an liathróid a fháil isteach sa chupán, cuireann sé an cupán (leis an liathróid ann) ag bun an chairn agus leanann siad ar aghaidh ag iarraidh liathróidí eile a fháil isteach sa chupán nua. De réir mar atá na liathróidí ag dul isteach sna cupáin, agus na cupáin á gcur ag bun an chairn, beidh an carn féin ag éirí cam, agus éireoidh sé níos deacra agus níos deacra. Baineann an chéad grúpa a líonann na cupán ar fad le liathróidí.
Fearas	
Cupáin phlaisteacha agus liathróidí ping pong	

Túr na gCupán

Méid Daoine	Míniú
2+	Cuirtear ceithre chupán plaisteach ar bharr a chéile, agus píosa páipéir idir gach dhá cheann.
Fearas	Caithfidh na páistí gach píosa páipéir a bhaint, ag tosú leis an ceann is airde, gan túr na gcupán a scriosadh.
Cupáin Phlaisteacha	Má thiteann na cupán, caithfear an túr a thógáil arís ina iomláine agus tosú arís.

Ag brath ar a chéile

Méid Daoine	Míniú
4+	Faigheann gach duine páirtí.
Fearas	Is rás é seo ó thaobh amháin den halla chuig an taobh eile.
Níl aon fhearas ag teastáil.	Bíonn beirt ag luí i gcoinne a chéile agus iad ag siúl/ag rith.
	Má stopann siad ag luí i gcoinne a chéile, caithfidh siad dul ar ais chuig an tús.
	Má thiteann siad, caithfidh siad dul ar ais chuig an tús.

Cluiche an chóin

Méid Daoine	Míniú
3+	Faigheann gach duine páirtí. Bíonn an bheirt acu os comhair a chéile ar a ngogaide.
Fearas	Bíonn cón eatarthu.
Cúpla cón	Scairteann an ceannaire baill den chorp – ceann, glúin, gualainn, cos, srón srl. agus caithfidh gach duine a lámha a leagan ar an chuid sin den chorp. Tar éis tamaill scairteann an ceannaire cón amach, agus caithfidh an bheirt acu iarracht a dhéanamh greim a fháil ar an gcón.

Grúpaí de...

Méid Daoine	Míniú
8+	Glaonn an ceannaire uimhir amach, mar shampla grúpaí de bheirt / triúr.
Fearas	Ritheann na páistí isteach i ngrúpaí de bheirt/triúr.
Níl aon fhearas ag teastáil.	Má tá daoine ann gan ghrúpa tá siad as . Leanann an cluiche ar aghaidh go dtí nach bhfuil ach beirt fágtha. (Bíonn na páistí ag foghlaim conas daoine a chomhaireamh)

Rudaí a cheangal

Méid Daoine	Míniú
4+	Bíonn páirtí ag gach duine. Seasann duine amháin ar thaobh amháin den halla agus seasann an duine eile ar an taobh eile os a chomhair amach. Glaonn an ceannaire rud amach mar shampla "Cos le Cos". Ritheann an bheirt isteach ar a chéile agus cuireann siad a gcosa le chéile. Leantar leis an gcluiche le rudaí éagsúla, mar shampla "cos le lámh, srón le lámh" srl. Bíonn an duine deireanach 'amuigh'. (Bíonn na páistí ag foghlaim ainmneacha bhaill an choirp)
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Bréag-Rás na gConstaic

Méid Daoine	Míniú
4+	Cuirtear constaic os comhair duine ar an urlár. Ligtear don duine an cúrsa a dhéanamh. Ansin cuirtear dalladh púicín ar a shúile. Baintear na constaicí as an mbealach i ngan fhios don duine. Fágtar an duine ag siúl thart timpeall na gconstaicí nach bhfuil ann ar chor ar bith.
Fearas	
Constaicí ar nós cóin	

Thar Do Cheann, Faoi do Chosa

Méid Daoine	Míniú
6+	Roinn an grúpa i bhfoirne. Bíonn an méid céanna daoine ar gach foireann.
Fearas	
Liathróid	Bíonn liathróid ag gach foireann. Cuireann an chéad duine an liathróid thar a cheann agus cuireann an dara duine an liathróid faoina chos srl. Rás atá sa chluiche seo agus bíonn an bua ag an bhfoireann is tapúla.

Dochtúir, Dochtúir

Méid Daoine	Míniú
4+	Beireann an grúpa greim láimhe ar a chéile agus ceanglaíonn siad iad féin suas. Tagann an dochtúir ansin agus caithfidh an dochtúir iarracht a dhéanamh na páistí a chur ar ais i gciorcal.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Rás Óráiste faoi Smig

Méid Daoine	Míniú
4+	Roinn an grúpa i bhfoirne. Bíonn an líon céanna daoine ar gach foireann. Bíonn liathróid nó oráiste ag gach foireann. Caithfear an liathróid a chur ar aghaidh chuig an chéad duine gan lámh a leagan uirthi ach an smig a úsáid. Má thiteann an liathróid caithfidh an fhoireann tosú arís.
Fearas	
Oráistí / liathróidí beaga	

Túr na mBalún

Méid Daoine	Míniú
4+	Roinn an grúpa i bhfoirne. Tabhair paicéad balún agus téip ghreamaitheach do gach foireann. Abair leo go mbeidh an bua ag an bhfoireann leis an túr is airde tar éis cúig nóiméad déag.
Fearas	
Téip agus balúin	

An gaineamh a sheachadadh

Méid Daoine	Míniú
4+	Rás sealaíochta is ea an cluiche seo. Roinn an grúpa i bhfoirne. Tógann an captaen ar gach foireann dorn gainimh ina lámh. Caithfidh duine rith go dtí an taobh eile den halla agus ar ais arís agus an gaineamh a thabhairt don chéad duine eile ar an bhfoireann. Bíonn an bua ag an bhfoireann leis an méid is mó gainimh ag an deireadh.
Fearas	
Gaineamh	

Raincatchers

Méid Daoine	Míniú
4+	Bíonn na cóin bheaga agat. Bíonn na cóin scartha ar an dtalamh. Leath díobh bun os cionn, an leath eile ar an mbealach ceart. Is é pointe an chluiche go bhfuil ar fhoireann amháin iad a chasadh bun os cionn ach bíonn ar an bhfoireann eile iad a chasadh an bealach ceart.
Fearas	
Cóin Bheaga	

Babhla Torthaí

Méid Daoine	Míniú
8+	Suíonn an grúpa timpeall i gciorcal ar chathaoireacha Bíonn duine amháin ag seasamh sa lár.
Fearas	Tabhair ainm - úll, oráiste nó banana - do gach duine.
Cathaoireacha	Is féidir leis an duine sa lár úll, oráiste, banana nó babhla torthaí a ghlaoch amach. Má ghlaotar amach ÚLL, Seasann na daoine ar tugadh 'úll' dóibh suas agus bogann siad go dtí áit nua srl. Má ghlaotar babhla torthaí seasann gach duine suas agus bogann siad (Níl cead bogadh go cathaoir in aice leat!!!). Is í an aidhm atá leis an gcluiche ná go bhfaighidh an duine atá sa lár cathaoir chomh maith. Bíonn ar an duine atá fágtha gan chathaoir ag an deireadh seasamh sa lár.

Lacha, Lacha, Gé

Méid Daoine	Míniú
4+	Suíonn an grúpa timpeall i gciorcal. Bíonn duine amháin 'Ar'. Siúlann sé timpeall ar an gciorcal agus cuireann sé lámh éadrom ar cheann na bpáistí eile ag rá "lacha, lacha, lacha". Nuair a deir an duine "gé" caithfidh an duine sin rith i ndiaidh an duine atá 'Ar'. Má fhaigheann an "Ghé" é tá air a bheith 'Ar' arís. Le bheith slán caithfidh an duine atá 'Ar' suí in áit na Gé.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Rás ar Pháipéir

Méid Daoine	Míniú
4+	Rás i bpéirí é seo. Bíonn dhá phíosa páipéir ag duine amháin. Bíonn ar an duine eile siúl ar na píosaí páipéir agus bíonn ar an gcéad duine iad a bhogadh dóibh agus iad a chur faoi chos an chéad duine.
Fearas	
Piosaí páipéir	

Comhaireamh suas go 25

Méid Daoine	Míniú
3+	Is í aidhm an chluiche chomhaireamh suas go 25 ach ní féidir ach le duine amháin uimhir a rá ag an am, agus ní féidir leis an duine céanna dhá uimhir a rá i ndiaidh a chéile. Má deir beirt / triúr / níos mó ná duine amháin uimhir ag an am céanna, caithfear tosú arís. Más mian leat an cluiche a dhéanamh níos deacra, déan é le súile gach duine dúnta!
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Eochracha faoin gCathaoir

Méid Daoine	Míniú
4+	Suíonn an grúpa timpeall i gciorcal. Cuir duine ag suí ar chathaoir sa lár. Cuir dalladh púicín ar shúile an duine sin agus cuir eochracha faoin gcathaoir. Roghnaigh duine ón gciorcal chun na heochracha a fháil. Caithfidh an duine ar an gcathaoir na heochracha a chosaint. Bíonn ar an duine ón gciorcal na heochracha a fháil agus dul ar ais chuig a áit féin sa chiorcal gan fhios don duine sa chathaoir. Caithfidh an duine atá ina shuí ar an gcathaoir méar a shíneadh i dtreo an duine a thóg na heochracha chun go mbeidís 'amuigh'.
Fearas	
Púicín agus eochracha	

Ceapaire

Méid Daoine	Míniú
3+	Suíonn an grúpa timpeall an halla ina mbeirteanna. Bíonn duine amháin 'Ar' agus bíonn orthu rith i ndiaidh duine eile. Caithfidh an duine atá 'Ar' lámh a leagan ar an duine eile sula mbíonn sé slán. Is féidir leis an duine eile a bheith slán má shuíonn sé síos in aice le grúpa eile agus "ceapaire" a dhéanamh. Nuair a shuíonn an duine síos tá ar an duine ar an taobh eile den cheapaire léim suas agus ritheann an duine atá 'Ar' ina dhiaidh siúd. Má leagann an duine atá 'Ar' lámh ar an duine atá ag rith tagann athrú ar an scéal. Bíonn an duine a bhí 'Ar' anois ag rith ón duine eile.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Scaird

Méid Daoine	Míniú
6+	Seasann an grúpa timpeall i gciorcal. Bíonn duine amháin sa lár. Cuireann na páistí ar fad a lámha amach os a gcomhair, méara lena chéile agus sínte amach. Díríonn an duine sa lár a lámha ar dhuine sa chiorcal agus deir sé “Sciúirt”. Caithfidh an duine sin dul síos ar an urlár. Bíonn ar na daoine ar dhá thaobh an duine seo casadh i dtreo a chéile, méara lena chéile agus sínte amach. Bíonn ar an duine deireanach é seo a dhéanamh agus “Sciúirt” a rá amach! Leanann an cluiche ar aghaidh go dtí nach bhfuil ach duine amháin fágtha.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Éalú ó na Cathaoireacha

Méid Daoine	Míniú
6+	Suíonn duine éigin i gcathaoir agus seasann duine eile taobh thiar dó. Déanann gach duine ciorcal mar seo, ach fágtar cathaoir amháin folamh.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	Níl cead ag na daoine atá ina seasamh breathnú thart, caithfidh siad a cinn a choimeád thíos. Níl siad ag iarraidh go mbogfaidh na daoine sna cathaoireacha. Tá na daoine ina suí i gcónaí ag faire amach don duine leis an gcathaoir folamh. Má dhéanann an duine leis an gcathaoir folamh caochadh súl ar dhuine atá ina shuí, déanann siad iarracht bogadh go dtí an chathaoir folamh. Má leagann an duine atá ina sheasamh lámh ar an duine a bhogann sula bhfágann sé, ní féidir leo dul go dtí an chathaoir nua folamh! Tar éis tamaill malartaítear na rólanna.

Ath-Damhsa

Méid Daoine	Míniú
4+	Is í an aidhm atá leis seo ná ceithre gheáitse a dhéanamh, dhá cheann ag déanamh aithrise ar an duine romhat agus dhá cheann a chruthaíonn an duine iad féin.
Fearas	
Ceol	Cuirtear an ceol ar siúl agus seasann gach duine i gciorcal. Tosaíonn an ceannaire leis an sampla- déanann sé dhá gheáitse leis an gceol. Déanann an duine ar chlé de an dhá gheáitse a rinne sé, chomh maith le dhá cheann nua. Déanann an chéad duine eile an dhá gheáitse deireanach, chomh maith le dhá cheann nua, agus leanann sé seo ar aghaidh. Má dhéanann éinne botún, nó má dhéanann siad geatsaí a rinneadh cheana, tá sé amuigh!

Liathróid sa Chiorcal

Méid Daoine	Míniú
4+	Seasann gach duine gualainn le gualainn i gciorcal, gan bearna ar bith eadarthu, lena lámha taobh thiar dá ndroim.
Fearas	Téann duine isteach sa lár, dúnann sé a shúile agus casann sé timpeall trí huaire.
Liathróid	Cuireann an ceannaire an liathróid i lámh duine éigin sa chiorcal fad is atá súile an duine sa lár dúnta.
	Caithfidh an duine leis an liathróid é a chur ar aghaidh chuig duine in aice leis i ngan fhios don duine sa lár. Bíonn trí sheans ag an duine sa lár tomhais cé aige a bhfuil an liathróid.
	Muna n-éiríonn leis tar éis dó tomhais trí huaire, cuirtear duine eile isteach sa lár ina áit . Bíonn an bua ag an té a dhéanann amach cé aige a bhfuil an liathróid.

Cloch, Páipéir, Siosúr

Méid Daoine	Míniú
6+	Craobh-chomortas cloch-páipéar-siosúr atá ann. Seasann an grúpa ina mbeirteanna timpeall an halla. Déanann gach duine cloch-páipéar-siosúr sna beirteanna sin. Téann an duine a chaill taobh thiar den duine a bhuaigh i gcruth ar nós traenach. Leanann an bheirt ar aghaidh agus téann siad in aghaidh beirte eile. Leanann sé seo ar aghaidh go dtí nach bhfuil ach dhá thraein fágtha. Bailíonn gach duine timpeall ar an mbeirt deireanach agus déanann siad cloch-páipéar-siosúr os comhair gach duine.
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Buama Ama

Méid Daoine	Míniú
4+	Seasann gach duine i gciorcal. Caitheann duine éigin an liathróid trasna chuig duine eile (agus glaonn siad amach ainm an duine sin). Leanann sé seo ar aghaidh go dtí go dtiteann an liathróid ar an talamh. Chomh luath agus a thiteann an liathróid, tosaíonn an ceannaire ag comhaireamh ó 10 (9, 8, 7... 1, BUAMA). Is féidir le gach duine bogadh nuair a thosnaíonn an comhaireamh. Tá an duine deireanach le lámh a leagan ar an liathróid amuigh.
Fearas	
Liathróid	

Droichead / Túr a chruthú

Méid Daoine	Míniú
2+	Caithfear an droichead nó túr is fearr a chruthú le leamhacháin agus spaigití!
Fearas	
Leamhachán agus spaigití	

Stad an Bus

Méid Daoine	Míniú
3+	Tarraingítear ceithre cholún ar píosa páipéar le teideal ag an mbarr i dtrí cheann díobh (mar shampla: torthaí; spórt; bia).
Fearas	Fágtar an colún deireanach do litir ón aibítir
Páipéar	Iarrtar ar dhuine amháin dul tríd an aibítir ina chloigeann ach gan aon rud a rá os ard. Tar éis tamaillín deir an ceannaire 'stop'. Insíonn an duine cén litir atá ina chloigeann ag an bpointe sin. Sin í an litir sin a bhéas in úsáid don bhabhta sin Is féidir é seo a imirt i gcoinne an chloig más mian leat. Muna bhfuil clog agat, leanann gach duine ar aghaidh go dtí go bhfuil gach catagóir líonta ag duine éigin. Nuair atá sé líonta acu, screadann siad 'Stad an Bus', agus ní féidir le héinne níos mó a scríobh. Faigheann gach duine pointí do gach rud a bhí scríofa acu. Má tá tú ag iarraidh é a dhéanamh i gcoinne an chloig, tabhair nóiméad do gach duine an méid is mó catagóir a líonadh isteach is is féidir leis an litir sin. Tar éis nóiméid, faigheann gach duine pointí do gach rud atá scríofa acu. Faigheann imreoir dhá phointe muna bhfuil an focal céanna luaite ag éinne eile. Ní bhronntar pointí má aontaíonn gach duine nach bhfuil an focal oiriúnach.

Ainm ar d'éadan

Méid Daoine	Míniú
3+	Cuirtear an grúpa ina suí i gciorcal. Cuirtear greamán le hainm duine cháiliúil air ar éadan gach duine sa ghrúpa. Cuireann gach duine ceisteanna ar a chéile chun a fháil amach cé hiad. Déantar é seo duine i ndiaidh a chéile. Níl cead ach freagra gearr dearfach nó diúltach a thabhairt mar fhreagra.
Fearas	
Greamán agus páipéar	

Cogarnach Síneach

Méid Daoine	Míniú
3+	Iarr ar an ngrúpa suí i gciorcal. Deir duine amháin abairt i gcogar leis an duine atá ag suí in aice leis. Téann an cogar timpeall ar an ngrúpa go dtí go dtagann sé go dtí an duine deireanach Faigh amach cé chomh héagsúil is atá an abairt anois!
Fearas	
Níl aon fhearas ag teastáil.	

Comórtas Pictiúr

Méid Daoine	Míniú
2+	Suíonn na foirne in aice an bhalla agus roghnaíonn siad duine amháin chun an líníocht a dhéanamh
Fearas	Taispeánann an ceannasaí pictiúr don fhoireann ach ní bhíonn cead ag an té a dhéanfaidh an líníocht an pictiúr a fheiceáil
Cúpla pictiúr	Déanann an fhoireann cur síos don duine atá ag déanamh na líníochta ar a bhfeiceann siad agus tá ar an duine sin pictiúr a tharraingt bunaithe ar an méid a chloiseann sé óna fhoireann féin! Taispeántar an pictiúr ar feadh 30 soicind agus tá nóiméad ag an duine an pictiúr a tharraingt. Caithfidh an ceannasaí an buaiteoir a roghnú!

Ha Ha Ha

Méid Daoine	Míniú
3+	Caithfidh gach duine 'Ha ha ha' a rá gan gháire ná straois. Is féidir foirne a dhéanamh más mian leat.
Fearas	Deir an chéad duine Ha, an dara duine Ha ha, an tríú duine Ha ha ha srl.
Níl aon fhearas ag teastáil.	Má thosaíonn duine ag gáire bíonn an duine sin amuigh.

Gríosóir

Méid Daoine	Míniú
3+	Suíonn an grúpa timpeall i gciorcal Bíonn ar dhuine dul amach as an halla
Fearas	Roghnaíonn an ceannasaí duine ón ngrúpa le bheith mar ghríosóir
Níl aon fhearas ag teastáil.	Tosaíonn an duine sin ar ghníomh éigin agus tá ar an ngrúpa aithris a dhéanamh air. Mar shampla má thosaíonn sé ag bualadh bos, déanann an grúpa aithris air seo agus tosaíonn siad ag bualadh bos. Ansin má chuireann an gríosóir a lámh san aer, cuireann gach duine lámh san aer. Nuair a fhilleann an duine a bhí taobh amuigh den halla, bíonn air an gríosóir a aimsiú.

Jenga na Spéire

Méid Daoine	Míniú
2+	Tabhair mála 'Jenga' do gach foireann.
Fearas	Caithfidh an fhoireann oibriú le chéile chun na píosaí a chur ar bharr a chéile agus an túr ard a dhéanamh.
Jenga	Níl ach nóiméad amháin ag gach foireann chun é seo a dhéanamh.

Gníomhaíochtaí Spóirt

Taobh amuigh den ghnáthspórt gur féidir a imirt i halla má tá an spás ar fáil: cispheil, sacar (cúigear an taobh), eitpheil, scipeáil, tarraingt na téide, srl., is féidir go leor cluichí spórtúla eile a imirt.

Seachain

Méid Daoine	Míniú
6+	Roinntear na páistí i dhá ghrúpa .
Fearas	Cuirtear foireann amháin ar thaobh amháin den halla agus an fhoireann eile ar an taobh eile.
Liathróidí	Cuirtear na liathróidí sa lár. Ritheann na páistí chuig an lár agus bailíonn siad na liathróidí agus caitheann siad iad i dtreo na foirne eile. Má bhuailtear le liathróid duine tá sé amuigh. Má eiríonn le duine greim a fháil ar liathróid tá an duine a chaith é amuigh agus is féidir le duine ón gcéad fhoireann teacht ar ais.

Rás na bPlanc

Méid Daoine	Míniú
4+	Bíonn dhá fhoireann ann agus ochtar ar gach foireann (cúrsa A agus cúrsa B)
Fearas	Bíonn rás idir an dá fhoireann. Rás síos agus ar ais suas an halla atá i gceist
Ceithre phlanc	Bíonn an bua ag an bhfoireann is túisce a shroicheann barr an halla.



Rás an Rotha

Méid Daoine	Míniú
16	Bíonn dhá fhoireann ann agus ochtar ar gach foireann (cúrsa A agus cúrsa B).
Fearas	Bíonn rás idir an dá fhoireann. Rás síos agus ar ais suas an halla atá i gceist.
Níl aon fhearas ag teastáil.	Bíonn an bua ag an bhfoireann is túisce a shroicheann barr an halla.



Scipeáil

Méid Daoine	Míniú
4+	Bíonn beirt ag casadh na téide.
Fearas	Bíonn ar gach foireann rith isteach, léim thar an téad agus rith amach an taobh eile.
Cúpla téad scipeála	Má stopann an téad ag luascadh faigheann an fhoireann eile pointe.
	Bíonn an bua ag an bhfoireann leis an méid is mó pointí.

Cruicéad Francach

Méid Daoine	Míniú
6+	Bíonn an slacán ag foireann amháin Bíonn an fhoireann eile amuigh sa pháirc.
Fearas	
Bataí, liathróidí, cóin	Bíonn ar na daoine sa pháirc an liathróid a chaitheamh chuig an duine leis an slacán. Déanann siad iarracht cosa an duine leis an slacán a fháil. Má éiríonn leo baint le na cosa nó greim a fháil ar an liathróid tar éis gur bualadh í, faigheann an fhoireann pointe. Ní féidir leis an duine leis an slacán a chosa a bhogadh. Athraíonn an dá fhoireann thart tar éis cúig nóiméad.

Gníomhaíochtaí Fíorúla / Ríomhaireachta

Tráth na gCeist

Méid Daoine	Míniú
4+	Cruthaítear Tráth na gCeist ar ardán ar líne ar nós Kahoot. Roinntear scáileán le go bhfeicfidh na páistí na ceisteanna. Beidh cód á thaispeáint'. Cuireann na páistí an cód isteach ar Kahoot.it agus beidh siad in ann na ceisteanna a fhreagairt ar a nguthán póca féin.
Fearas	
Ríomhaire, teilgeoir, gutháin póca	

Among Us

Méid Daoine	Míniú
3+	Imrítear an cluiche seo ar an bhfón. Ní gá ach an aip a bheith agat agus cód a roinnt leis na páistí. Is í aidhm an chluiche a oibriú amach cé hé an 'pasadóir'. Bíonn gach duine i 'seomra' agus tascanna beaga á gcur i gcrích acu. Fad is atá gach duine ag déanamh na dtascanna sin, bíonn an 'pasadóir' ag dul thart ag márú daoine. Gach uair go bhfaigheann duine bás, buaileann gach duine le chéile chun oibriú amach cé hé an pasadóir. Leanann an cluiche ar aghaidh go dtí go n-oibríonn siad sin amach.
Fearas	
Ríomhaire, gutháin póca	

Mario Kart

Méid Daoine	Míniú
2+	Imrítear an cluiche seo ar an bhfón. Ní gá ach an aip a bheith agat agus roinntear cód.
Fearas	
Gutháin póca	

Emoji

Méid Daoine	Míniú
2+	Bíonn liosta emoji ag an gceannaire agus taispeántar ar an scáileán iad. Baineann gach ceann acu le contae éigin in Éirinn. Caithfidh na páistí oibriú amach cén contae atá i gceist le gach ceann acu. D'fhéadfaí an cluiche céanna a imirt ach le neart ábhar éagsúla, ar nós 'Cláir Theilifíse', 'Scannáin', 'Grúpaí Ceoil', srl.
Fearas	
Ríomhaire, teilgeoir	



Gníomhaíochtaí na nEalaín

Croí a tharraingt

Méid Daoine	Míniú
4+	Tarraingíonn na daoine óga pictiúr de chroí agus briseann siad suas i bpíosaí beaga é.
Fearas	Cuirtear dathanna éagsúla ar na píosaí agus scríobhtar orthu na rudaí is tábhachtaí i saol an pháiste ar nós clann, cairde, peil, laethanta saoire, srl.
Páipéar, pinn luaithe daite	

Eitleáin Pháipéir

Méid Daoine	Míniú
2+	Is gá do gach duine roinnt píosaí páipéir a fháil roimh ré.
Fearas	Déantar eitleáin as na píosaí páipéir agus caitear san aer iad le go bhfeicfear cén cinn is fearr ag eitilt.
Páipéar	Le treoir a fháil ar conas eitleáin pháipéir a dhéanamh, is féidir breathnú ar chuntas YouTube Chumann na bhFiann.

Roicéad Páipéir

Méid Daoine	Míniú
2+	Bíonn páipéar, sop agus téip ag teastáil don ghníomhaíocht seo. Faigh píosa páipéir agus gearr amach dronuilleog. Cuir an páipéar timpeall ar an sop, i bhfoirm sorcóra, agus greamaigh é leis an téip. Faigh an dara píosa páipéir agus gearr amach ciorcal. Ansin gearr é ón taobh go dtí an lár le cruth cóin a dhéanamh as. Greamaigh é ar bharr an tsorcóra. Is féidir maisiúchán ar bith eile a dteastaíonn uait a chur air ansin! Séid tríd an sop agus eitleoidh an roicéad!
Fearas	
Soip, páipéir, siosúir	

CUMANN na bhFIANN

CNB.ie Óige

Cláracha Ama Samplacha

Clár ama Samplach 1

Am	Cluiche	Lch.
10 nóim	Clárú agus Fáiltiú	-
15 nóim	Bróga Measctha	29
15 nóim	Babhla Torthaí	51
15 nóim	Dochtúir Dochtúir	48
15 nóim	Liathróid sa Chiorcal	58
10 nóim	Tag Triantáin	40
10 nóim	Bailiú Smaointe agus Aiseolas	-

Clár ama Samplach 2

Am	Cluiche	Lch.
10 nóim	Clárú agus Fáiltiú	-
15 nóim	Cluiche Aithne 3	17
15 nóim	Túr na mBalún	49
15 nóim	20 Ceist	25
15 nóim	Greamaithe sa phortach	28
10 nóim	Grúpaí de...	46
10 nóim	Bailiú Smaointe agus Aiseolas	-

Clár ama Samplach 3

Am	Cluiche	Lch.
10 nóim	Clárú agus Fáiltiú	-
10 nóim	Comhaireamh suas go 25	53
15 nóim	Scaird	55
15 nóim	Thar do Cheann, Faoi do Chos	48
15 nóim	Seachain	66
15 nóim	Léim isteach, léim amach	39
10 nóim	Bailiú Smaointe agus Aiseolas	-

Pleananna

Pleananna seachtainiúla

Nuair atá plean seachtainiúil á chur le chéile agat, is fiú smaoineamh ar na nithe seo a leanas:

Cá mhéad páistí a bhfuil súil leo ar an oíche?

Cén sórt leibhéil Ghaeilge atá ag na páistí?

Cén cluichí a chabhróidh leis na páistí forbairt a dhéanamh ar a gcuid Gaeilge?

Cad iad na cluichí is mó a thaitníonn leis na páistí?

- Roghnaigh gníomhaíochtaí a bhfuil spéis acu iontu.
- Cinntigh go bhfuil éagsúlacht ann.
- Roghnaigh gníomhaíochtaí a oireann do leibheál Gaeilge na bpáistí.

Tá sé tábhachtach go mbeidh plean curtha le chéile agat. Bainfidh na páistí i bhfad níos mó sult as an gclub má tá strúchtur agus éagsúlacht ann.

Imeachtaí Speisialta

Is smaoineamh maith é i gcónaí a bheith ag amharc ar an mí atá le teacht le fáil amach an bhfuil aon rud spéisiúil ar na bacáin ar nós:

OÍCHE SHAMHNA

LÁ FHÉILE PHÁDRAIG

CÁISC

MÁIRT NA HINIDE

Seo ócaidí ar féidir leas a bhaint astu chun oíche ar leith a eagrú lena n-áirítear:

Oíche Pizza agus Scannán a eagrú roimh an Nollaig

Oíche a eagrú ag ithe pancóg Máirt na hInide



Cóisir Oíche Shamhna a eagrú

Ionchur na bPáistí

Ná déan dearmad am a chur ar leataobh le smaointe a bháiliú ó na páistí. Seo dhuit cúpla smaoineamh:

Ceistneoir a thabhairt amach

Plé grúpa faoi chluichí nua

Plé grúpa faoi thuras áitiúil

Tá sé go maith go mothaíonn na páistí go bhfuil guth agus ionchur acu agus go bhfuil tú ag éisteacht lena gcuid tuairimí.

Na Meáin Shóisialta

Dá mhéad poiblíocht a dhéantar, is ea is mó a chuirtear le líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar an chlub. Tabhair aird ar na pointí seo a leanas:

1. Moltar cuntas Facebook nó Instagram a chruthú
2. Grianghraif agus fógraí a chur suas ann
3. Feicfidh tuismitheoirí agus daoine áitiúla iad
4. Beidh an scéal á scaipeadh ar fud an cheantair dá bharr
5. Tiocfaidh níos mó páistí chuig an chlub
6. Moltar ceangal a chruthú idir an club agus na tuismitheoirí

Nóta* - Is gá a chinntiú go bhfuil cead faighte ó thuismitheoir sula gcuirtear aon phictiúr ina bhfuil an páiste ar líne.

Tá buntáistí móra ag baint leis na meáin shóisialta - Is bealach cumhachtach iad, ní hamháin chun daoine nua a mhealladh chuig an chlub, ach chun caidreamh a chruthú leis na tuismitheoirí.

BEALAÍ EILE LE HAIRD A THARRAINGT AR AN CHLUB

Is féidir bileoga a fhágáil in áiteanna poiblí chomh maith, áiteanna ar nós:

- An Caifé
- An Leabharlann
- Halla an Bhaile
- Bialanna

Scoileanna

Má scaiptear an scéal faoin gclub sna scoileanna áitiúla, tá seans maith ann go dtiocfaidh líon maith daoine chuig an chlub dá bharr.

Moltar:

- Ríomhphost a sheoladh chuig na scoileanna faoin gclub.
- Teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir atá freagrach as an nGaeilge sa scoil.

Cuairt ar Scoileanna

Bíonn foireann Chumann na bhFiann ag dul timpeall na tíre ag tabhairt cuairt ar scoileanna chun gníomhaíochtaí a dhéanamh leis na páistí ionas go bhfaigheann siad blaiseadh de chlub Gaeilge.

Is minic a thagann borradh mór ar thinreamh na gclubanna sa cheantar tar éis dúinn an taispeántas seo a dhéanamh.

Má tá spéis agat go ndéanfadh ball foirne Chumann na bhFiann taispeántas club i do cheantar áitiúil, téigh i dtéagmháil leo:
eolas@cnb.ie

Nascanna Úsáideacha

Óige	www.oige.ie
Cumann na bhFiann	www.cnb.ie
Comhairle Náisiúnta na nÓg	www.youth.ie
Ógras	www.ogras.ie
Spleodar	www.spleodar.com
Fóram na nÓg	www.foramnanog.com
Feachtas	www.feachtas.ie

Foras na Gaeilge

Ar an dara lá de mhí na Nollaig 1999 bunaíodh Foras na Gaeilge. Is é Foras na Gaeilge atá freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na hÉireann. Tá ról ag Foras na Gaeilge i dtaca le comhairle a chur ar lucht rialtais, thuaidh agus theas, agus ar chomhlachtaí poiblí agus ghrúpaí eile sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha i ngach gnó a bhaineann leis an nGaeilge. Cuireann Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil don sé cheanneagraíochtaí agus, faoi scéimeanna éagsúla, do ghrúpaí pobail ar fud an oileáin.

Na Ceanneagraíochtaí

Sa bhliain 2014 ceapadh Cumann na bhFiann mar cheanneagraíocht sa réimse "Forbairt Deiseanna Úsáidte Gaeilge agus Gréasán do Dhaoine Óga". Eagraíonn Cumann na bhFiann clubanna óige seachtainiúla a thugann deis do dhaoine óga úsáid a bhaint as a gcuid Gaeilge labhartha agus í a fheabhsú.

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son phobal labhartha na Gaeilge agus na Gaeltachta ar fud na hÉireann uile agus timpeall an domhain.

Fondúireacht neamhpholaitiúil, neamhrialtasach is ea Gael Linn, a bunaíodh sa bhliain 1953. Is í an phríomhaidhm atá aici ná an Ghaeilge agus a hoidhreacht a chothú agus a chur cinn ar fud Éireann uile mar theanga bheo agus mar spreagadh féiniúlachta.

Is eagraíocht dheonach náisiúnta í Gaeloideachas a thacaíonn le forbairt an oideachas lán-Ghaeilge. Tugann Gaeloideachas comhairle, cúnamh agus tacaíocht do dhaoine ar mian leo oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí, chomh maith le seirbhísí tacaíochta agus abhcóideachta dóibh siúd atá ag obair san earnáil.

I 2014 ceapadh Glór na nGael mar cheanneagraíocht Gaeilge, ceann de na sé cheanneagraíocht maoinithe ag Foras na Gaeilge. Tá freagracht ar leith ag Glór na nGael i dtrí réimse oibre, forbairt na Gaeilge sa teaghlach, forbairt na Gaeilge i measc grúpaí pobail agus forbairt na Gaeilge i measc grúpaí fiontraíochta agus gnó.

Is eagraíocht í Oireachtas na Gaeilge a eagraíonn féiltí cultúrtha éagsúla i rith na bliana a chuireann deiseanna ar fáil do dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid. Tacaíonn an eagraíocht le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán do dhaoine fásta ar fud an oileán.

CUMANN na bhFIANN

www.cnb.ie

Foras na Gaeilge